

COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT  
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA: AN BHÉALTRIAIL SA GHAEILGE  
IARRATAS AR PHOST MAR SCRÚDAITHEOIR IN 2025

B.T.1

Ceangail  
grianghraf  
anseo

Éigeantach

1. Uimhir PSP faoi láthair

Uimhir PSP roimhe seo (má bhí ceann agat)

Sloinne (Bloclitreacha) \_\_\_\_\_ Céadainm(neacha) \_\_\_\_\_

Seoladh Baile \_\_\_\_\_ Éirchód \_\_\_\_\_

Má bhí sloinne eile ort roimhe seo luaigh anseo é \_\_\_\_\_ Dáta Breithe \_\_\_\_\_

An Baile Mór is gaire duit agus an t-achar uait \_\_\_\_\_ Seoladh Ríomhphoist \_\_\_\_\_

Fón (Baile) \_\_\_\_\_ (Obair) \_\_\_\_\_ (Póca) \_\_\_\_\_

Uimhir na Comhairle Múinteoireachta

Dáta Athnuachana: \_\_\_\_\_

\*Féach na Nótaí

An bhfuil iarratas á chur isteach agat i mbliana ar phost mar Scrúdaitheoir le haghaidh na mBéaltrialacha sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, sa Spáinnis, sa tSeapáinis, sa Rúisis, sa Lioutuáinis, sa Mhandairinis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis?

Tá  Níl

Má tá, luaigh an teanga / na teangacha \_\_\_\_\_

Ar cuireadh faoi agallamh riamh thú le haghaidh poist mar Scrúdaitheoir Béaltrialach?

Cuireadh  Níor Cuireadh  Bliain  Ábhar

Uimhir Rolla na Scoile ina bhfuil tú ag múineadh faoi láthair: \_\_\_\_\_

Taithí Mhúinteoireachta

1. Scoil faoi láthair	Stádas (PWT, TWT, EPT, PT)	An Dáta ar thosaigh tú ag múineadh Gaeilge sa scoil	Líon na nUaireanta sa tSeachtain ag múineadh Gaeilge
2. Scoileanna Eile (na scoileanna is deireanaí)	Stádas (PWT, TWT, EPT, PT)	Luaigh na dátaí a raibh tú ag múineadh sa scoil	Líon na nUaireanta sa tSeachtain ag múineadh Gaeilge

An bhfuil caoi agat carr a úsáid má cheaptar mar scrúdaitheoir thú? Tá  Níl

An bhfuil aon gharghaol leat ag déanamh Scrúdú na hArdeistiméireachta in 2025? Tá  Níl

Má tá, tabhair sonraí anseo:

Ainm & Sloinne	Ainm agus Seoladh na Scoile	Dáta Breithe	Gaol Leatsa

An bhfuil tú ar scor? Tá  Níl  Bliain

An bhfuil pinsean míchumais á fháil agat? Tá  Níl

Ar scoir tú faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí? Scoir  Níor scoir

Má scoir, luaigh an tsraith faoinar scoir tú. Sraith 1  Sraith 2  Sraith 3

2. Taithí Cheana mar Scrúdaitheoir sna Scrúduithe Stáit sa Ghaeilge

Béaltriail	Luaigh na Blianta	Scrúdú Scríofa	Leibhéal	Luaigh na Blianta

3. Céim(eanna) ollscoile agus cáilíocht mhúinteoireachta

Cáilíocht	Ollscoil	Cáilíocht a gnóthaíodh	Bliain a bronnta	Na hÁbhair dheiridh	Onóracha/Pas	Grád Onóracha
Bunchéim						
Iarchéim						
Dioplóma						

4. Ranganna Gaeilge atá á múineadh agat i mbliana

Rang	Sraith Shóisearach 1	Sraith Shóisearach 2	Sraith Shóisearach 3	Idirbhliain	AT1	AT2
Leibhéal						

Ranganna Ardteistiméireachta sa Ghaeilge a mhúin tú san am a caitheadh

Leibhéal	Líon na mBlianta	Dátaí

5. (a) Na Cúrsaí inseirbhíse Gaeilge is deireanaí a rinne tú. Luaigh na dátaí.

---

---

(b) Na Tréimhsí is deireanaí a chaith tú sa Ghaeltacht. Luaigh na dátaí.

---

---

6. Ar ceapadh mar Scrúdaitheoir ag Béaltrialacha na hArdteistiméireachta in 2024 thú? Ceapadh  Níor ceapadh

7. Eolas breise ar bith a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i gcás d'iarratais:

---

DEARBHÚ AN IARRATASÓRA

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a thug mé fíor agus go gcuirfidh mé aon athruithe a thagann air in iúl do CSS. Toilím go ndéanfaidh CSS próiseáil ar mo chuid sonraí pearsanta de réir mar atá riachtanach chun críche an iarratais seo agus le linn aon cheapacháin eile. Admhaím go gcoimeádann CSS an ceart aige féin an t-eolas a tugadh a dheimhniú, lena n-áirítear mo chuid cáilíochtaí. Tuigim nach ceadmhach dom aon eolas maidir le gnóthachtáil iarrthóirí a thabhairt d'aon pháirtí seachas CSS.

Síniú \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

**N.B. Ní mór gach cuid den fhoirm seo a chomhlánú. Aon fhoirm nach gcomhlánaítear ina hiomláine, seolfar ar ais í go gcomhlánófar ina hiomláine í sular féidir ceapachán mar scrúdaitheoir a thairiscint. Seol an fhoirm chomhlánaithe ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoin Aoine 10 Eanáir, ar a dhéanaí, ag baint úsáide as an gclúdach a cuireadh ar fáil chuige sin.**

DEIMHNIÚCHÁN LE SÍNIÚ AG BAINISTEOIR/PRÍOMHOIDE/PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

(I gcás múinteoirí ar seirbhís)

Deimhním leis seo go bhfuil mé sásta an t-iarratasóir seo a scaoileadh óna d(h)ualgais scoile le cur ar a c(h)umas freastal ar chomhdháil oiliúna do bhéaltrialacha agus feidhmiú mar scrúdaitheoir ar 6 agus 7 Bealtaine (más gá) \_\_\_\_\_ i Scrúdú na hArdteistiméireachta 2025.

Nóta: Ní thabharfaidh an CSS cead na laethanta teagmhais a úsáid (6/7 Bealtaine) ach amháin i gcúinsí an-teoranta.

Síniú an Bhainisteora/an Phríomhoide/an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin \_\_\_\_\_

Scoil \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

N.B. Ní ghlacfar le síniú ar bith eile.

Stampa an Údaráis Scoile nó an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

# Scrúdú na hArdteistiméireachta - Scrúdaitheoir sna Béaltrialacha 2025

## NÓTAÍ MAR EOLAS D'IARRATASÓIRÍ – COINNÍOLLACHA AN CHEAPACHÁIN

1. Más iarratas nua é seo – léigh na nótaí **go léir**, le do thoil, agus comhlánaigh an fhoirm ina hiomláine.
2. Ní mór grianghraf den mhéid a oireann do phas a cheangal den fhoirm mar a iarrtar.
3. Ní mór do gach iarratasóir a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta – féach thíos.

### **Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta**

Ní mór do gach duine a ghlacann le post mar Scrúdaitheoir sna Béaltrialacha nó sna Trialacha Praiticiúla le linn scrúduithe 2025 agus sna blianta ina dhiaidh sin a bheith cláraithe ar Chlár na Múinteoirí a choinníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta chun an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 a shásamh.

### **Cad a dhéanfaidh mé má tá mé cláraithe cheana?**

Scríobh do chuid sonraí clárúcháin – clárúimhir, d'ainm mar atá sé ar an gclár agus an dáta athnuachana – ar an bhfoirm iarratais. Deimhneoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) na sonraí clárúcháin leis an gclár. Déan deimhin de go gcomhlánaíonn tú na sonraí sin nó d'fhéadfadh sé go gcuirfí moill ar phróiseáil d'iarratais mura gcomhlánaíonn. **Má tá tú cláraithe nuair a dhéanann tú iarratas agus má cheaptar ina dhiaidh sin thú, is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú nach dtagann deireadh leis an gclárúchán agus go mbeidh tú cláraithe tráth na scrúduithe.**

### **Cad a dhéanfaidh mé mura bhfuil mé cláraithe?**

Comhlánaigh an fhoirm iarratais ar phost mar Scrúdaitheoir sna Béaltrialacha nó sna Trialacha Praiticiúla ar an ngnáthshlí ach cuir in iúl nach bhfuil tú cláraithe. Seol an fhoirm ar ais chuig CSS ar an ngnáthshlí. Ní mór duit iarratas a dhéanamh **láithreach** ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, áfach, agus na sonraí clárúcháin a sheoladh chuig CSS sula ndéantar na scrúdaitheoirí a cheapadh i mí Feabhra 2025.

### **Eolas Tábhachtach faoin bPróiseas Clárúcháin**

Is ar an iarratasóir féin atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil sé/sí ar Chlár na Múinteoirí agus a c(h)lárúimhir a chur ar fáil do CSS nuair a iarrtar í. D'fhéadfadh sé go nglacfaidh an próiseas clárúcháin 6 - 8 seachtaine, próiseas grinnfhiosrúcháin ag an nGarda Síochána san áireamh, tar éis na cáipéisí riachtanacha go léir a fháil. Moltar do na hiarratasóirí cur isteach ar chlárúchán láithreach bonn. Tá eolas ar an bpróiseas clárúcháin, sonraí na dtáillí clárúcháin san áireamh, le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta [www.teachingcouncil.ie](http://www.teachingcouncil.ie). Ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haon dliteanas as táillí clárúcháin na múinteoirí ná as aon iarratasóir gan a bheith ábalta riachtanais an chlárúcháin agus an ghrinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh taobh istigh den am atá leagtha síos.

4. Reáchtálfar Béaltrialacha na hArdteistiméireachta sa Ghaeilge, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, sa Spáinnis, sa tSeapáinis, sa Rúisis, sa Liotuáinis, sa Mhandairínis, sa Pholainnis agus sa Phortaingéilis thar thréimhse sé lá, ón Satharn 12 Aibreán go dtí an Déardaoin 17 Aibreán 2025. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le scrúdaitheoirí a bheith ar fáil chun iarrthóirí a chur faoi scrúdú ar 6 agus ar 7 Bealtaine 2025.
5. Caithfear le ceapachán mar scrúdaitheoir i mBéaltrialacha na hArdteistiméireachta mar chonradh seirbhíse. Beidh ar na scrúdaitheoirí iomlán a gcuid ama a chaitheamh ar an obair le linn thréimhse an cheapacháin.
6. Beidh ar gach scrúdaitheoir a bheith i láthair le linn thréimhse iomlán na comhdhála marcála, sula dtosóidh na scrúduithe.
7. Má cheaptar duine mar Scrúdaitheoir in aon bhliain ar leith, ní thugann sé sin aon chearta dó/di ar a c(h)eadadh na blianta ina dhiaidh sin.
8. Tá sé i gceist ceapacháin a eisiúint chuig scrúdaitheoirí na mbéaltrialacha i mí Feabhra 2025.
9. Ní mór do gach scrúdaitheoir uimhir a g(h)utháin póca agus a s(h)eoladh ríomhphoist reatha a chur ar fáil dúinn mar d'fhéadfadh sé go mbeadh orainn dul i dteagmháil leis/léi ar bheagán fógra sula dtosóidh na scrúduithe nó lena linn.
10. Is de réir rialacháin na Roinne Airgeadais a íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála leis na Scrúdaitheoirí. Tá tuilleadh eolais le fáil sa rannóg *Eolas don Fhoireann ar Conradh* de [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)
11. Is trí chóras leictreonach aistrithe airgid (i.e. Paypath) a dhéanfar na híocaíochtaí a ghabhann leis an gceapachán seo. Baileoimid sonraí do bhainc níos faide anonn. Ní féidir aon socrú a dhéanamh le híocaíocht a dhéanamh ar aon bhealach seachas isteach i gcuntas bainc. Ar an ábhar sin, is coinníoll fostaíochta é glacadh le híocaíochtaí i gcuntas bainc.
12. Má theipeann ort cloí go hiomlán le treoracha CSS nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann slándáil nó slánchúis na scrúduithe i mbaol nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann gnóthachtáil na n-iarrthóirí i mbaol, beidh tú do do chur féin ar shlí do bhriste agus is féidir go ndiúltófar tú a cheapadh arís sa todhchaí. Má bhristear as do phost thú ní bheidh aon éileamh agat in aghaidh CSS ar íocaíocht ná ar speansais.
13. Tugtar d'aire na n-iarratasóirí go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach iarratas a mheas go cothrom neamhchlaonta. Dicháileofar iarratasóirí a thugann sonraí nach bhfuil ceart. Dicháileofar an t-iarratas má dhéanann iarratasóir stocaireacht.

14. **Ní bheidh** na daoine seo a leanas i dteideal a gceaptha nó i dteideal glacadh le dualgais scrúdúcháin:
- Múinteoirí nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta
  - Múinteoirí a scoir go luath faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí
  - Múinteoirí a bheidh ar Shaoire Mháithreachais Reachtúil le híocaíocht le linn thréimhse na gComhdhálacha nó le linn na tréimhse scrúdúcháin
  - Múinteoirí atá ar saoire bhreiteachta le híocaíocht nó gan íocaíocht
  - Múinteoirí atá ar fionraí nó ar saoire riaracháin
  - Múinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu. \*

\*Breithneofar iarratais ó mhúinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu ach foirm thuairisc liachta, agus í comhlánaithe, a chur ar fáil don Choimisiún. Tá an fhoirm sin ar fáil ach í a iarraidh ar (090) 644 2741 nó ar [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) sa rannóg 'Earcaíocht'.

15. Má tharlaíonn, tar éis duit glacadh go foirmiúil le ceapachán, nach mbeidh tú ar fáil, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh láithreach le CSS ar an nguthán agus an t-eolas céanna a chur in iúl i scríbhinn, i litir, ar an bhfacas nó sa ríomhphost. Tar éis duit iarratas a dhéanamh nó tar éis duit dearbhú go nglacann tú le ceapachán, má tharlaíonn, ar an gcaoi chéanna, go dtagann aon athrú ar do stádas a fhágann nach bhfuil tú i dteideal do cheaptha mar scrúdaitheoir a thuilleadh (féach Nóta 17), ní mór sin a chur in iúl láithreach do CSS.
16. Má bhraitheann Scrúdaitheoir go mbeadh bac air/uirthi a d(h)ualgais a chomhlíonadh ar bhealach cothrom oibiachtúil mar gheall ar an ionad ina n-iartrair air/uirthi a bheith ag obair, ba chóir dó/di an cheist a chur faoi bhráid na rannóige cuí de Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus na sonraí a sholáthar. Aon áit a mbeidh CSS sásta, ar bhonn an eolais a sholáthraítear agus ar bhonn a fhiosruithe féin, go bhféadfaí obair an Scrúdaitheora a bheith i gcontúirt, déanfar gach iarracht an Scrúdaitheora a athlonnú chun an fhadhb a réiteach.
17. Ba chóir an t-iarratas a sheoladh chuig 'Rannóg na mBéaltrialacha, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65'. Ní mór an t-iarratas a bheith sa Choimisiún tráth nach déanaí ná **Aoine 10 Eanáir 2025**. Leanfar le hiarratais a ghlacadh tar éis an dáta dheiridh. Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh áfach, ach amháin má bhíonn folúntais fós ann tar éis dóibh tairiscintí ceapacháin a dhéanamh do gach iarratasóir feiliúnach a chuir iarratas isteach roimh an dáta deiridh. Aon duine a éilíonn gur cailleadh iarratas nó gur cuireadh moill air sa phost, ní mór dó/di Teastas Postála a bheith aige/aici ag tacú leis an éileamh. Ní mór an postas a íoc ar gach iarratas.

## Nó

Mar mhalairt ar sin, is féidir cóip chomhlánaithe shínithe den fhoirm iarratais a scanadh agus a sheoladh ar an ríomhphost chuig [orals@examinations.ie](mailto:orals@examinations.ie)

18. **Cosaint Sonraí:** Aonad rialaithe sonraí cláraithe le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí atá sa CSS. *Déanfar na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil san iarratas seo a phróiseáil de réir fhorálacha an Ahta um Chosaint Sonraí.*

*Déanfaidh an CSS na sonraí seo a phróiseáil chun d'iarratas a riar do phost mar ghníomhaire ar conradh leis an CSS. Má cheaptar sa ról thú, déanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil i riarachán do chonartha leis an CSS. Airítear ann riarachán maidir le do ról sannta agus dualgais i leith na scrúduithe stáit [ar a n-áirítear, nuair is cuí, socrúithe a dhéanamh le haghaidh/forbairt ionstraimí tástála, eagrú agus seachadadh na scrúduithe; marcáil na hoibre a chuireann na hiarrthóirí i láthair, etc.] Bainfear feidhm as na sonraí seo freisin chun íocaíocht a dhéanamh leat maidir le do chonradh. Chomh maith leis sin, coimeádfar do shonraí agus tig linn na sonraí sin a úsáid chun dul i dteagmháil leat agus tú a chur ar an eolas maidir le deiseanna earcaíochta le CSS. Is féidir sonraí faoin bhFógra um Chosaint Sonraí ag CSS a aimsiú ar ár suíomh gréasáin <https://www.examinations.ie/data-protection/>*

19. Tá leagan Béarla den Fhoirm Iarratais agus de na nótaí seo ar fáil ach iad a iarraidh.

**TEACHT AG IARRTHÓIRÍ AR MHARCANNA BÉALTRIALACHA / TRIALACHA PRAITICIÚLA – ÚRNA Ó 2019**  
*Ó 2019 amach, tabharfaidh CSS deis do na hiarrthóirí teacht a bheith acu ar na marcanna ar chomhpháirteanna a gcuid scrúduithe, marcanna na mbéaltrialacha agus marcanna na dtrialacha praiticiúla san áireamh, tar éis eisiúint na dtorthaí sealadacha agus roimh na dátaí deiridh d'achomhairc na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí. Is é an marc a chuirfear ar fáil i gcás gach comhpháirte ná an marc atá ceadaithe ag an bPríomhscrúdaitheoir agus atá tugtha don iarrthóir chun an grád a ríomh. (In ábhair áirithe rachaidh an marc a thugann an scrúdaitheoir trí phróiseas modhnóireachta mar chuid den chaighdeánú ar shaothar an scrúdaitheora agus / nó d'fhéadfadh an marc a bheith faoi ualú a cuireadh i bhfeidhm ar an gcomhpháirt sin mar chuid de phróiseas an ghrádaithe.) Cuirtear an t-eolas seo ar fáil d'iarrthóirí i spiorad na reachtaíochta um Chosaint Sonraí a chiallaíonn gur féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar CSS le fáil a bheith acu ar chóipeanna dá gcuid sonraí pearsanta ar fad agus ar scrípteanna a scrúduithe chomh maith.*

## RÁTAÍ PÁ SCRÚDAITHEOIRÍ NA mBÉALTRIALACHA, 2025

Tá na rátaí pá le haghaidh scrúdaitheoirí béaltrialacha in 2025 mar a leanas. Tá méadú tagtha ar rátaí 2025 faoi na méaduithe san earnáil phoiblí mar a bhaineann siad le rátaí pá le haghaidh scrúduithe.

- Gaeilge na hArdteistiméireachta, Bonnleibhéal €21.31 in aghaidh an iarrthóra (ráta €7 in 2019)
- Gach béaltriala eile €28.55 in aghaidh an iarrthóra (ráta €9.38 in 2019)
- Táille Socrúithe Athbheithnithe: €243.59 in aghaidh an cheapacháin (ráta n/a in 2019)
- Costais taistil agus speansais chothbhála cuí le linn thréimhse na mbéaltrialacha chomh maith le freastal ar an gcomhdháil mharcála.